Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2024
(OR. en)

16482/24

INST 385
POLGEN 156
AG 188

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Clársceidealú reachtach: clár oibre 2025 an Choimisiúin agus clársceidealú ilbhliantúil<br>- Seisiún tuairimíochta |

1. In 2016, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil an Aontais a threisiú tríd an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr[1] (IIA-BLM míreanna 4 - 11). Chomh maith leis sin in 2016, d'fhormheas an Chomhairle a socruithe praiticiúla maidir le clársceidealú bliantúil[2].

2. Maidir le clársceidealú ilbhliantúil, foráiltear, nuair a cheapfar Coimisiún nua, chun pleanáil níos fadtéarmaí a éascú, go mbeidh seisiún tuairimíochta ag na trí Institiúid maidir leis na príomhchuspóirí beartais agus na tosaíochtaí don téarma nua. Déanfaidh siad, ar thionscnamh ón gCoimisiún, de réir mar is iomchuí, conclúidí comhpháirteacha a tharraingt suas a bheidh le síniú ag Uachtaráin na dtrí Institiúid.

3. Maidir le clársceidealú bliantúil, ba cheart don Choimisiún dul i mbun idirphlé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, sula nglacfar a chlár oibre bliantúil agus arís tar éis a ghlacadh. Ní féidir gach céim shonrach agus amlíne shonrach a leagtar síos don idirphlé sin a chur i bhfeidhm amhlaidh don chéad chlár oibre de chuid an Choimisiúin nua.

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1
[2] SN 6879/16

4. Tá sé d'aidhm ag an gComhairle a áirithiú go n-oibreoidh na trí Institiúid, ag gníomhú dóibh laistigh dá gcumhachtaí agus dá sainchumais féin, go héifeachtach le chéile chun Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029 a bhaint amach, clár a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2024 agus lena dtreoraítear obair na nInstitiúidí sna 5 bliana amach romhainn.

5. Tar éis cheapadh an Choimisiúin, tá sé beartaithe ag an uachtaránacht seisiún tuairimíochta a reáchtáil maidir le clársceidealú leis an gCoimisiún sa Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 17 Nollaig 2024.

6. Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, nóta cúlra leis na ceisteanna ón uachtaránacht maidir leis an seisiún tuairimíochta.

7. Tar éis seisiún tuairimíochta an 17 Nollaig, d'fhéadfaí an t-ionchur ón gComhairle chuig an gCoimisiún a léiriú i litir ó Uachtarán na Comhairle chuig Uachtarán an Choimisiúin. Beidh an t-ionchur sin mar bhonn freisin do na malartuithe le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Clársceidealú reachtach:**

**clár oibre 2025 an Choimisiúin agus clársceidealú ilbhliantúil**

*Seisiún tuairimíochta*

Mar a meabhraíodh i gClár Oibre Straitéiseach 2024-2029, '*tá an tírdhreach polaitiúil domhanda á athmhúnlú ag an iomaíocht straitéiseach, ag an éagobhsaíocht dhomhanda atá ag dul i méid, agus ag iarrachtaí an bonn a bhaint den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe*'. Sa chomhthéacs sin, sainaithnítear sa Chlár Oibre roinnt tosaíochtaí atá le cur i ngníomh sa timthriall institiúideach nua chun spriocanna an Aontais Eorpaigh atá saor agus daonlathach, láidir agus slán, rathúil agus iomaíoch a bhaint amach.

Thairis sin, i nDearbhú Bhúdaipeist maidir leis an gComhaontú Nua Eorpach maidir le hIomaíochas, gheall na ceannairí go ndéanfadh siad an tAontas '*níos iomaíche, níos táirgiúla, níos nuálaí agus níos inbhuanaithe, ag tógáil ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, agus ag áirithiú cóineasaithe agus cothroime iomaíochta laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon*'.

I bhfianaise an mhéid sin, agus tar éis an Coimisiún nua a cheapadh, iarrann an <u>uachtaránacht</u> ar na hairí tuairimí a mhalartú maidir le clársceidealú reachtach lena ndíreofar ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na príomhphrionsabail agus na príomhchuspóirí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sna conclúidí comhpháirteacha maidir le clársceidealú ilbhliantúil?

- Conas ab fhearr a d'fhéadfadh príomhthosaíochtaí beartais a léiriú i gclár oibre an Choimisiúin do 2025, lena n-áirítear trí thionscnaimh nua?